Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Nollaig 2020
(OR. en)

14099/20

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0136 (COD)

CADREFIN 454
RESPR 84
POLGEN 230
FIN 967
CODEC 1358

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Nollaig 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 843 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an seasamh ón gComhairle i ndáil le Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 843 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 843 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.12.2020
COM(2020) 843 final

2018/0136 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis**

**an seasamh ón gComhairle i ndáil le Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint**

2018/0136 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis**

**an seasamh ón gComhairle i ndáil le Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint**

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle<br>(doiciméad COM(2018) 324 final – 2018/0136 COD): | 2 Bealtaine 2018. |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | 18 Meán Fómhair 2018. |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | 4 Aibreán 2019. |
| An dáta a tíolacadh an togra leasaithe: | N/B |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | 14 Nollaig 2020. |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is é is aidhm don togra seo na rialacha is gá a bhunú chun buiséad an Aontais a chosaint i gcás easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta sna Ballstáit.

Ba cheart an deis a bheith ag an Aontas Eorpach bearta iomchuí a ghlacadh i gcásanna den sórt sin, le lánurraim do phrionsabail na trédhearcachta agus na comhréireachta.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Leis an seasamh ón gComhairle mar a glacadh é ar an gcéad léamh léirítear go hiomlán an comhaontú polaitiúil ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air an 5 Samhain 2020. Tacaíonn an Coimisiún leis an gcomhaontú sin. Ar phríomhphointí an chomhaontaithe beidh an méid seo a leanas:

- Athrú sa téarmaíocht ó ‘easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta sna Ballstáit’ go ‘sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta’: Cuireadh foclaíocht nua ann lena soiléirítear go bhféadfar an sásra a úsáid freisin chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe sistéamacha (atá forleathan nó atá mar thoradh ar chleachtais nó easnaimh athfhillteacha ag údaráis phoiblí, nó ar bhearta ginearálta). Ina theannta sin, leagtar

béim ar chomhlántacht leis na rialacha is infheidhme a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith agus leis na rialacha airgeadais is infheidhme.

- Gné choisctheach an tsásra: soiléirítear go bhféadfaí bearta a dhéanamh freisin i gcás sáruithe a bhfuil 'baol mór ann go ndéanfaidh siad difear' do bhainistíocht fhónta airgeadais nó do leasanna airgeadais an Aontais. Ní raibh an dobhriathar 'mór' sa togra ón gCoimisiún, ach tá sé inghlactha toisc go gcaomhnaítear gné choisctheach an tsásra.
- Cosaint na dtairbhithe deiridh a threisiú trí oibleagáidí a chur ar an gCoimisiún faisnéis agus treoir a chur ar fáil. Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall chun a áirithiú go n-íocfaidh an Ballstát lena mbaineann na méideanna atá dlite go héifeachtach (trí úsáid a bhaint as sásraí atá ann cheana). Neartófar leis sin cosaint na dtairbhithe agus na bhfaighteoirí deiridh, i gcomhréir leis an togra.
- Nós imeachta chun bearta a ghlacadh agus a bhaint agus an tromlach is infheidhme sa Chomhairle a athrú: Rinneadh an nós imeachta a chuíchóiriú chun sásra éifeachtach tapa a áirithiú agus ceart na mBallstát lena mbaineann chun éisteacht a fháil á chaomhnú ag an am céanna. Déanfaidh an Chomhairle cinneadh trí vótáil trí thromlach cáilithe (mhol an Coimisiún tromlach cáilithe aisiompaithe). Meabhraítear le haithris agus le hairteagal gur féidir leis an gCoimisiún leas a bhaint as a sainphribhléidí institiúideacha d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh an Chomhairle a hoibleagáid maidir le cinneadh a dhéanamh. Leis na modhnuithe, coinnítear éifeachtacht fhoriomlán an tsásra ar bun agus caomhnaítear leo uathriail institiúideach an Choimisiúin.
- 'Coscán éigeandála': Mínítear le haithris go bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann, ar bhonn eisceachtúil, a iarraidh ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí an t-ábhar a chur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí. I gcás ina gcuirtear an chéim pholaitiúil sin i ngníomh, i bprionsabal ní dhéanfadh an Chomhairle aon chinneadh go dtí go mbeadh an t-ábhar pléite ag an gComhairle Eorpach. Ní mór an plé sin a dhéanamh laistigh de 3 mhí ar a mhéad. Glacann an Coimisiún leis an gcomhréiteach sin toisc go bhforáiltear leis plé polaitiúil nach bhfuil céim fhoirmiúil sa nós imeachta ná rannpháirtíocht na Comhairle Eorpaí i gcur chun feidhme an bhuiséid i gceist leis, agus nár cheart go bhfágfadh sé go mbeadh an sásra neamhéifeachtach, ós rud é nach ndéanfaí difear do chumhacht cinnteoireachta na Comhairle ná do ról an Choimisiúin.
- 'Idirphlé struchtúrtha' a chur leis: Is inghlactha an fhéidearthacht go bhféadfadh an Parlaimint iarraidh ar an gCoimisiún idirphlé struchtúrtha a dhéanamh maidir leis na torthaí.

## 4. CONCLÚID

Tacaíonn an Coimisiún le torthaí na caibidlíochta idirinstitiúidí agus, dá bhrí sin, is féidir leis glacadh leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh.

## 5. DEARBHUITHE ÓN gCOIMISIÚN

Tá dearbhú aontaobhach amháin agus dearbhú comhpháirteach amháin déanta ag an gCoimisiún, ar féidir teacht orthu san fhoscríbhinn.

## FOSCRÍBHINN

### Dearbhuithe ón gCoimisiún

Dearbhú ón gCoimisiún maidir leis an tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin:

> '*Comhaontaíonn an Coimisiún, i gcás inar gá, breathnú ar thograí iomchuí a ghabhfaidh leis an tuarascáil a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.*'

Dearbhú comhpháirteach maidir leis an bhféidearthacht ábhar an Rialacháin seo a áireamh sa Rialachán Airgeadais:

> *'Gan dochar do cheart tionscnaimh an Choimisiúin, comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún breathnú ar an méid atá sa Rialacháin seo a áireamh i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 ('an Rialachán Airgeadais') tráth a dhéanfar an chéad athbhreithniú eile uirthi.'*